



## Gníomhaíocht shamplach chun scileanna cumarsáide a chur chun cinn

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin FGL don Teicneolaíocht Fheidhmeach in 2020 / 2021 i gcomhar MRB 1 "Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú" a bhí ar siúl ar an 15 Deireadh Fómhair 2020. Is féidir gach ábhar a úsáideadh le linn an tseimineáir ghréasáin seo a fheiceáil i rannán na dTeicneolaíochtaí de [www.jct.ie](http://www.jct.ie) laistigh de thíl na gCeardlann Roghnach.

Nasc Suíomh Gréasáin:

[https://www.jct.ie/technologies/cpd\\_supports\\_applied\\_technology\\_elective\\_workshops](https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_applied_technology_elective_workshops)

Taispeánann na heispéiris foghlama thíos cur chuige múinteoirí na Teicneolaíochta Feidhmí i leith scileanna cumarsáide a fhorbairt ag baint úsáid as an straitéis DDS (Dearfach, Diúltach, Suimiúil) trí ghníomhaíocht scoláirí. Cuireann an straitéis mholta seo in iúl do scoláirí raon modhanna is féidir leo a úsáid chun a gcuid foghlama a léiriú. Moltar do scoláirí freisin an modh cumarsáide a roghnaíonn siad a chosaint.

### **Straitéis seomra ranga chun scileanna cumarsáide a fhorbairt**

#### **DDS: Dearfach, Diúltach, Suimiúil**

Is é atá i gceist leis seo go n-iarrtar ar na scoláirí smaoineamh ar léaráid chiorcaid a chur in iúl ó thaobh cad é atá Dearfach? (cúiseanna gur smaoineamh maith rud éigin), Diúltach (cén fáth nach n-oibreoidh rud éigin nó nach bhfuil ciall leis) agus Suimiúil (tagraíonn sin de ghnáth do na himpleachtaí agus do na torthaí féideartha - cibé acu dearfach nó diúltach). D'fhéadfadh 'Suimiúil' scoláirí a spreagadh chun eolas nua a iniúchadh, mar shampla, agus an ciorcad á tharraingt de láimh, thiocfadh le scoláirí breathnú ina dtábla logartam chun na siombailí a fháil do na comhpháirteanna.

#### **Cad é atá san áireamh sa PDF seo?**

- Gníomhaíocht shamplach do scoláirí

Tá gníomhaíocht sa PDF seo a ndeachthas ina ceann agus a pléadh sa chomhthéacs atá leagtha amach sa seimineár gréasáin FGL don Teicneolaíocht Fheidhmeach in 2020/2021 agus a d'fhorbair an múinteoir dá chuid scoláirí i gcomhthéacs a scoile.

Buíochas mór leis an múinteoir a chinntigh go gcuirfí an acmhainn seo ar fáil d'fhoireann Theicneolaíocht Fheidhmeach JCT4

**Nóta:** Moltar duit féachaint ar an seimineár gréasáin roghnach agus an acmhainn seo in úsáid agat chun an acmhainn a chur i gcomhthéacs agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar forbraíodh an acmhainn.

# Ciorcaid leictreacha a chur in iúl sa Teicneolaíocht Fheidhmeach



Úsáidtear ciorcad an-simplí ina dhearadh ag **Tóirse**, agus gan ann ach cúpla comhpháirt: **Ceallra, Lasc, DAS, Friotóir, Sreanga**. Tá na comhpháirteanna ceangailte i sraith. Stóráilann an ceallra fuinneamh mar fhuinneamh poitéinsiúil leictreach, a thiontaítear ina sholas agus ina theas ag an DAS, nuair a dhúntar an lasc chun an ciorcad a nascadh. Ní mór ciorcad iomlán a bheith ann chun go sreabhfaidh an sruth agus go n-oibreoidh an tóirse.

**Tasc:** Déan amach léaráid de chiorcad do do thóirse ag úsáid modhanna difriúla.

Scan nó Cliceáil



Réamhrá do Chiorcaid Shimplí






## Léaráid chiorcaid Lámhtharraingthe



## Léaráid chiorcaid Fhísiúil



An féidir leat gach siombail leictreach a ainmniú agus iad a chur san áit cheart i do léaráid chiorcad?



## Cur síos fuaimne ar léaráid chiorcaid



Is féidir leat do chuid oibre a chur isteach ar bhealaí éagsúla:

- Nasc le comhad fuaimne
- É a chur isteach chuig seomra ranga Google/ Teams
- Cód MF a chruthú agus é a ghreamú anseo
- Téarmaíocht / tuiscint cheart



## Léaráid chiorcaid a shamhaltú go digiteach



Is féidir leat do chuid oibre a chur isteach ar bhealaí éagsúla:

- Nasc le comhad fuaimne
- É a chur isteach chuig seomra ranga
- Cód MF a chruthú agus é a ghreamú anseo
- Moltar Tinkercad nó bogearraí eile atá ar fáil i gcomhthéacs do scoile



**Do thuairim:** Cad iad na chéad smaointe a bhí agat ar na bealaí éagsúla chun an ciorcad tóirse a chur in iúl?

---

---

---



# Ciorcaid leictreacha a chur in iúl sa Teicneolaíocht Fheidhmeach



Dearfach

Diúltach

Suimiúil

 Léaráid chiorcaid Lámhtharraing the 

 Léaráid chiorcaid Fhísiúil 

 Cur síos fuaim ar léaráid chiorcaid 

 Léaráid chiorcaid a shamhaltú go digiteach 



**Conclúidí:** Cad é a fuair tú amach ón ngníomhaíocht seo? An bhfuil bealach níos fearr chun do thuiscint ar chiorcad leictreach an tóirse a chur in iúl?

---



---



---